# SCÉAL, SCÉAL, SCÉAL…

*scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige*

29 Lúnasa 2024 Eagrán 211



Máire Treasa 7 Máire Úna, Oifigigh Pleanála Teanga nua Chois Fharraige, i mbun oibre
Grianghraf: Míċeál Ó Loċlainn

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

# Taispeántas Chois Fharraige 2024

Beidh Taispeántas Chois Fharraige 2024 ar bun an Domhnach beag seo!

Bíonn an seó bliantúil seo ar bun ar thailte Choláiste Chonnacht ar an gcéad dheireadh seachtaine de mhí Mheán an Fhómhair. Tá stair fhada ag an Taispeántas, a bunaíodh ar dtús i ndeireadh na gceathrachaidí, a thit i léig ar feadh scaithimh ach a athbunaíodh sna seachtóidí.

Níl fágtha ach lá nó dhó anois mar sin le cur isteach ar chomórtais. Aimsigh an fhoirm iontrála, tá siad sna siopaí áitiúla ar fad nó cuir fios ar fhoirmeacha chuig tcfteo@gmail.com. Tá an-deis ag gasúir obair a chur isteach, idir cheardaíocht, bacáil brioscaí 7 bláthanna. Glacfar le hiarratais – ***seachas*** capaillíní agus caoirigh – ar an lá.

Tá aon roinn déag ann, idir comórtas tís agus garraíodóireachta, ealaín, grianghrafóireacht, capaillíní, caoirigh agus madraí dar ndóigh. Tá rannóg ar leith ann do ghasúir freisin!

Mar sin, tosaigí oraibh ag réiteach. Tá neart bláthanna i ngairdíní an cheantair, gan trácht ar na bláthanna fiáine atá sna garrantaí agus ar thaobh na mbóithríní. Bhí an-bharr úllaí ag daoine i mbliana; céard faoi do chuid aráin doinn a chur isteach ar chomórtas, céard faoin gcrúiscín suibhe a rinne tú? Nach bhfuil do mhada féin ar cheann de mhadraí breátha Chois Fharraige?

Déanaigí iarracht páirt a ghlacadh ann. Is lá don phobal é agus lá a mbíonn deis ag daoine casadh le chéile!





# Ó Chois Fharraige go Toraigh

Thug baill de Cheoltóirí Óga Chois Fharraige cuairt ar Oileán Thoraí ar an 23-25 Lúnasa ar chuireadh ón gcoiste le freastal ar **Fheis Thoraí** agus ar **Fhéile Jimmí Mhairí Bhilí**, imeachtaí a cuireadh ar athló ó mhí Bealtaine. Bhí beagán imní orainn i rith na seachtaine ó thaobh na haimsire agus an bháid de ach, buíochas le Dia, tháinig muid i dtír slán sábháilte agus bhí an-deireadh seachtaine againn. Bhí muintir an oileáin thar a bheith fáiltiúil agus flaithiúil linn, idir lóistín breá in Óstán Thoraí agus togha na haire.



Liadan 7 Bróna le buaiteoir an Choirn, Naoise.

Sa nGailearaí a osclaíodh an Fhéile, é feistithe go hálainn le coinnle. D'inis Aodh Mac Gairbheith cúpla scéal draíochtúil, chas Doiminic Mac Giolla Bhríde agus Séarlas Ó Baoill sárcheol as an gcnuasach *Preab sa Cheol*. Muide a bhí i mbun an tseisiún ceoil sa gClub ina dhiaidh sin. Bhí sár-oíche againn ag casadh poirt agus ag gabháil fhoinn go raibh sé ina mhaidin.

Lá mór, lán le ceol agus craic a bhí againn Dé Sathairn, a thosaigh mar ba chóir le *fry* agus bricfeasta álainn san óstán, rud a theastaigh agus muid ag trial ar cheardlann damhsa! Théis roinnt cainte agus sciotaíle le muintir an oileáin, bhí muid réidh le dhul ag damhsa. Agus, *by dad*, tá damhsa ag muintir Thoraí! Baineadh deatach as an urlár leis an méid damhsaí a bhí acu agus baineadh an anáil as muintir Chonamara nach bhfuil ach ag tosú ar dhamhsaí seite. Ach faoi dheireadh na ceardlainne, bhí triúr leaids Chonamara, Éamonn Ó Ceallacháin, Domhnall agus Cormac Ó Braonáin leandáilte agus múineadh seit Chonamara do na Conallaigh!

Ghlac muid páirt sa gcomórtas amhránaíochta sean-nóis, áit a raibh neart fonnadóirí ón oileán agus ón mórthír ag iomaíocht ann. Ba é Naoise Mac Cathmhaoil a rug leis an corn mór. Bhí muid an-bhródúil as ár mbeirt féin, Liadan Canny a bhí sa dara háit agus Bróna Ní Cheallacháin a bhí sa gceathrú háit.



Ó chlé go deas: Domhnall, Bróna, Éamonn, Éadaoin, Liadan, Cainnear 7 Cormac ag fanacht le bád Thoraí.

Bhí oíche mhór eile ann ar an Satharn. Thosaigh an chraic ag a 10 a chlog le damhsaí seite is amhráin. Bhí muintir Thoraí 7 muintir Chois Fharraige i dteannta a chéile ag casadh amhráin Conallacha agus ag déanamh damhsaí Chonamara!

Bhain Éamonn scléip as an mbosca ceoil agus as an mileoidean agus d'fhéadfá a rá gur bhain muintir an oileáin an-sult as. Casadh amhráin, casadh ceoil agus rinneadh damhsa go mall isteach san oíche. B'éigean slán a fhágáil le Toraigh ar an Domhnach – ní le fonn imeachta, ach bhí droch-aimsir geallta!

An t-aon chasaoid a bhí againn ar an turas iontach seo uilig ná an bád abhaile, ach fós féin, bhí muid ag casadh amach *Trasna na dTonnta* in ard ár gcinn!

*Bróna Ní Cheallacháin*

# Céilí ar an gCeathrú Rua




Ba mhór i gceist an céilí tráth dá raibh. Cuid lárnach den samhradh dul ag an gcéilí sa gColáiste Samhraidh áitiúil. B'fhada le cailíní an Spidéil go dtiocfadh "leaids na mBráithre" i mí an Mheithimh. Ba mhór an rud ag déagóirí dul ag an gCéilí agus idirdhealú a dhéanamh idir an céilí beag agus an céilí mór.

Bhíodh cáil i bhfad is i ngearr ar na céilithe i gColáiste Chonnacht fadó agus daoine ag taraingt orthu ó chian is ó chóngar; bannaí céilí mór le rá ar nós banna na Tulaí agus banna Chill Fhionnúrach, gan trácht ar bhanna Mhatt Cunningham, ag coinneáil ceoil leis na damhsoirí agus Séan Johnny Eoghainín Ó Neachtain ina fhear an tí údarásach.

D'imigh an céili i léig ach tá spéis á chur ann arís le tamall anuas. Tá Gliogar, ealaíontóirí atá lonnaithe i gConamara Theas is a chuireann imeachtaí cultúrtha tré Ghaeilge ar bun, ag eagrú céilí i Halla Éinne ar an gCeathrú Rua ar an Aoine 6 Meán Fómhair ag 7.30 i.n. Ócáid saor in aisce é seo agus beidh seisiún ar bun ina dhiaidh. Mar sin, más fonn damhsa atá ort anois teacht an Fhómhair níl leithscéal ar bith agat!

Buail cois air!

# Seisiúin Amhránaíochta Tigh Phádhraicín

Cuirfear tús arís an Satharn beag seo, an 31ú Lúnasa, leis na seisiúin amhránaíochta Tigh Phádhraicín. Is é Seán Ó Gráinne a bheas ina fhear an tí. Tabhair faoi deara gur ar an *Satharn* a bheas na seisiúin ar siúil i mbliana. Tá fáilte ar ais roimh na hamhránaithe a bhí páirteach cheana agus, ar ndóigh, roimh amhránaithe nua. Bígí ag cleachtadh!

# Oiliúint san Aistriúchán

Tá an-éileamh ar aistritheoirí Gaeilge faoi láthair. Tá Údarás na Gaeltachta ag cur maoiniú ar fáil le haghaidh cúrsa Ard-Dioplóma a bheas á reáchtáil ar an gCeathrú Rua. An comhlacht aitheanta aistriúcháin Europus a chuireann an cúrsa sé mhí seo ar fáil i gcomhpháirtíocht leis an Údarás agus le hOllscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh.




Tá chuile eolas agus foirm iarratais le fáil ó Europus. Níl aon táille i gceist ach caithfidh tú deifriú: an Satharn 31 Lúnasa ag 5.00 i.n an sprioc!

# Craobh Domhanda sa Liathróid Láimhe

Comhghairdeachas mór le Veronica Mc Evoy as Cumann Liathróid Láimhe Mhicheál Breathnach, a fuair an chéad áit sa gcomórtas do mhná os cionn dhá scór bliain sa gComórtas Domhanda Liathróid Láimhe a himríodh i Luimneach le gairid.

Ní hé sin amháin é ach fuair Kathleen Roddy an chéad áit sa bpláta sa gcomórtas do mhná os cionn an dá scór!

Maith sibh, a mhná!



# Duais eile do *Bláithín*!

Cuireadh an-suim sa scéal a bhí againn an tseachtain seo caite faoi *Spiddal Bláithín* Leitir Péic. Bhuel, chuir sí dhá ghradam eile lena cáil ó shin. Thug sí dhá dhuais eile léi ó Sheó Uachtar Ard ar an Domhnach seo caite.




Ó chlé go deas: Pádhraic, Mary 7 Patsy Ó Conghaile, úinéirí *Bhláithín*.

# Ranganna Gaeilge i gCois Fharraige

Cuirfear tús go gairid le ranganna Gaeilge an Fhómhair anseo i gCois Fharraige.

Má tá tú ag iarraidh Gaeilge a fhoghlaim nó barr feabhais a chur ar an méid Gaeilge atá agat, ba bhreá leis na hOifigigh Pleanála Teanga dá ndéanfá teagmháil leo. Teastaíonn uainn freastal ar riachtananais na bhfoghlaimeoirí ar fad, sa gcaoi is go mbeidh neart deiseanna foghlama, chomh maith le cláir saibhriúcháin teanga, ar fáil ar fud an cheantair.

Buail isteach againn in Oifigí an Fhóraim in Inis Fáil i sráidbhaile An Spidéil agus labhair leis na hOifigigh Pleanála Teanga, Máire Úna 7 Máire Treasa, faoina dteastaíonn uaitse mar fhoghlaimeoir nó glaoigh orainn.

Máire Treasa: 083 010 6294
Máire Úna: 086 065 5520

# Meán Fómhair @ TG4

Tá roinnt cláracha spéisiúla ar sceideal an fhómhair ag TG4.



Ar Chéadaoin na seachtaine seo chugainn, 4 Meán Fómhair, craolfar *Aisling Trí Néallaibh – Doireann Ní Ghríofa*. Scannán Beathaisnéise atá anseo faoi Dhoireann, file agus scríbhneoir a bhain cáil amach go hidirnáisiúnta nuair a d'fhoilsigh sí an t-úrscéal *A Ghost in the Throat*. Déanann an scannán cur síos ar shaol Dhoireann mar scríbhneoir agus ar a háit dúchais i gContae an Chláir, a thugann an oiread sin inspioráide di. Bhíodh an-bhaint ag a seanathair, Pádhraic Ó Gabhláin le Coláiste Chonnacht, áit ar chaith sé na blianta ar an bhfoireann teagaisc ann agus é ag cur faoi le muintir Uí Dhomhnaill ar an gCoileach.

Seachtain ina dhiaidh sin, sa gclár *Iniúchadh TG4 – Níl aon Tinteán*, tabharfaidh Kevin Magee aghaidh ar cheantair Ghaeltachta le daoine a bhfuil an ghéarchéim tithíochta ag cur as dóibh a chur faoi agallamh. Ábhar tráthúil atá anseo agus is cinnte go mbeidh spéis ag daoine fud fad na tíre sa gclár. Beidh sé le feiceáil ar an gCéadaoin 11 Meán Fómhair ag 21.30.

# Oíche Chultúir 2024

Tá pobail fud fad na tíre ag réiteach don Oíche Chultúir, a bheas ar bun ar an Aoine 20 Meán Fómhair. Tá fhios againn cheana féin faoi roinnt imeachtaí a bheas ar bun i gCois Fharraige ar an tráthnóna sin; sa Spidéal agus i Seanscoil Sailearna.

Tá **Comhlacht Forbartha an Spidéil** ag tabhairt cuireadh do phobail an cheantair agus máguaird, idir óg agus níos sine, páirt a ghlacadh in *Séideáin*. Tá súil ag an gComhlacht cór ollmhór pobail a chur i dtoll a chéile le chuile chineál amhrán a chasadh in éindí, amuigh faoin aer, ar bhruach shráidbhaile an Spidéil. Táthar ag iarraidh ar dhaoine an t-amhrán is ansa leo féin a sheoladh chuig Comhlacht Forbartha an Spidéil ar r-phost anspideal2022@gmail.com.




Roghnóidh painéal breis is 15 amhrán le casadh thar 40 nóiméad, tráthnóna an Oíche Chultúir. Cé go mbeidh meascán seánraí amhrán á gcasadh ar an oíche, cuirfear fáilte ar leith roimh amhráin frith-chogaidh agus amhráin ar son na síochána. Mar sin, roghnaigh d'amhrán agus cláraigh leis an gComhlacht gan mhoill!

Tabharfaidh **Seanscoil Sailearna** tús áite don mhileoidean an oíche chéanna faoin teideal *Dá mBeadh Mileoidean Agamsa*.

Tabharfar deis do dhaoine óga tabhairt faoi cheol a bhaint as an meileoidean ag 6.00 i.n.

Pléifear stáid an mheileoidean i gConamara ag 7.00 i.n agus beidh taispeántas ceoil ó cheoltóirí agus damhsóirí áitiúla agus na haíonna Diarmuid Ó Meachair, an sár-bhoscadóir as Cúil Aodha, agus Brian Mc Grath, a bhfuil cáil ar leith air ó thaobh tionlacan de, ar bun ag 9.00 i.n.

Beidh na himeachtaí ar fad saor in aisce.

# Deireadh Seachtaine Chomharchumann Sailearna

Tá deireadh seachtaine gnóthach beartaithe ag Comharchumann Sailearna idir an 20-22 Meán Fómhair. Tá roinnt imeachtaí bunaithe ar an mileoidean beartaithe acu don Oíche Chultúir ar an Aoine, beidh **coirmcheoil** de chuid Thaisce Cheol Dúchais Éireann sa Seanscoil ar an Satharn agus beidh **Lá Oscailte** ag an gComharchumann féin ar an Domhnach.

Sa Seanscoil a bheas an ceiliúradh ar an mileoidean idir 6-9 i.n ar an Aoine 20 Meán Fómhair agus beidh na himeachtaí ar fad saor in aisce.

Tá tionscadal Drawing from the Well / Taoscadh ón Tobar ar bun ag Taisce Cheol Dúchais Éireann le tamall anuas agus tá sraith camchuairteanna mar chuid de. Tugtar scoth-ealaíontóirí ó phobal an cheol dúchais chuig pobail nach mbíonn deis rialta acu éisteacht lena léithéidí. Aoife Ní Bhriain an fidiléara, Derek Hickey an boscadóir, Stephanie Keane an damhsóir agus an sár-amhránaí Iarla Ó Lionáird atá ar an gcamchuairt reatha. Tabharfaidh siad cuairt ar shé ionad ar fud na tíre agus beidh siad ar an ardán sa Seanscoil ar an Satharn 21 Meán Fómhair ag 8.00 i.n. €15 atá ar na ticéid agus is féidir iad a chur in áirithe ag Eventbrite.

Beidh an Lá Oscailte ag an gComharchumann ar an Domhnach 22 Meán Fómhair agus fáilte á chur acu roimh scarshealbhóirí agus muintir an cheantair bualadh isteach chucu idir 2-6 an lá sin le heolas a chur ar a bhfuil idir lámha acu, le héisteacht le ceol ó Bhrian Terry agus a chairde agus le bheith i láthair ag seoladh staidéar féidearthachta na Seanscoile.

Go n-éirí leo!



# Gradaim Foilseacháin





D'fhógair Oireachtas na Gaeilge na gearrliostaí do ghradaim Leabhair na Bliana le gairid. Scór leabhar ar fad atá ar na gearrliostaí do na gradaim do thithe foilsitheoireachta na Gaeilge. Duaischiste de €17,000 ar fad atá ann do na gradaim. Ocht leabhar atá ar ghearrliosta Ghradam Uí Shúilleabháin, an gradam do Leabhar na Bliana, sé leabhar atá ainmnithe ar ghearrliosta Ghradam de Bhaldraithe, an gradam do shaothair aistrithe, agus sé cinn atá ar ghearrliosta Ghradam Réics Carló, an gradam do leabhra do ghasúir óga. D'fhoilsigh cheithre theach foilsitheoireachta atá lonnaithe i gCois Fharraige naoi gcinn de na leabhra atá ar na gearrliostaí.

Tá dhá leabhar a d'fhoilsigh Leabhar Breac ar ghearrliosta Leabhar na Bliana: *Deirdre*, athinsint le Darach Ó Scolaí ar scéal Dheirdre agus Chlann Uisnigh, agus *Saighdiúir*, úrscéal Chathail Uí Shearcaigh faoin gcéad chogadh domhanda. Tá *Solas Geimhridh*, an cnuasach filíochta le Laoighseach Ní Choistealbha a d'fhoisligh Barzaz, ar an liosta sin freisin.




Tá dhá leabhar de chuid Cló Iar-Chonnacht ar ghearrliosta Ghradam Uí Shúilleabháin 2024. *Ag Cur Chun Fónaimh: Údarás na Gaeltachta ó 1980 i leith*, sraith aistí in eagar ag Gearóid Ó Tuathaigh agus Breandán Mac Suibhne, agus *Sa Pholl Báite*, úrscéal bleachtaireachta le Anna Heussaff.

Tá trí leabhar a d'fhoilsigh Futa Fata ar an ngearrliosta do Ghradam Réics Carló i mbliana: *An Mac Tíre Deireanach* le Patricia Forde, *Gealach agus Grian* le Muireann Ní Chíobháin, agus *Na Trí Mhuicín* a chum Áine Ní Ghlinn.




Tá *Amélie Fléchais; Heartstopper* ó Futa Fata, aistriúchán le Eoin McEvoy ar shaothar Alice Osman, i measc na sé leabhar atá ar an ngearrliosta do Ghradam de Bhaldraithe, an gradam do shaothair aistrithe.

Fógrófar na buaiteoirí ar fad ag searmanas ag deireadh mhí Mheán Fómhair.